**Dréachtphlean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí – Léargas Ginearálta agus Gairm Aighneachtaí**

Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an Dréachtphlean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí an 29 Lúnasa, do chomhairliúchán poiblí. Beidh an ghairm aighneachtaí agus an suirbhé ar líne ar oscailt go dtí an 15 Samhain. Áireofar leis an gcomhairliúchán, chomh maith, grúpaí fócais feighlithe leanaí agus Díospóireacht Bheartais Oscailte.

Is é cuspóir foriomlán an Dréachtphlean Gníomhaíochta chun feabhas a chur ar rochtain ar luathfhoghlaim agus cúram agus ar chúram leanaí ar aois scoile ardchaighdeáin agus inacmhainne trí fheighlíocht leanaí. Tá de chuspóir aige na gealltanais a chomhlíonadh atá in *Na Chéad 5* – an Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh.

Is iomaí tairbhe a chruthaíonn feighlíocht leanaí do leanaí agus tuismitheoirí, ach is beag aitheantas foirmiúil a thugann an Stát dó faoi láthair. In ainneoin an iomaí buntáiste a bhaineann leis agus an tóir leanúnach atá air i measc tuismitheoirí, ní chuirtear cistiú agus tacaíocht ar fáil dó go mór mór agus ní dhéantar é a rialáil, ach chomh beag.

Ní heol cé mhéid feighlí leanaí atá ann. Tá na mílte díobh ann agus d'fhéadfadh a mhéid le 19,000 feighlí a bheith ann. Cé nach bhfuil ach sciar díobh seo incháilithe chun clárú le Tusla, níl ach 81 feighlí leanaí cláraithe faoi láthair.

**<u>Cuspóirí an Dréachtphlean Gníomhaíochta</u>**
Tá de chuspóir ag na tograí a leagtar amach sa Dréachtphlean Gníomhaíochta an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Aitheantas a thabhairt d'fheighlithe leanaí** don obair luachmhar a dhéanann siad, trí réimse fairsing tacaíochtaí a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí, deiseanna oiliúna, rannpháirtíocht i líonraí áitiúla tacaíochta, agus rochtain ar scéimeanna cistithe poiblí ina measc.
- **Tacú le rogha tuismitheora agus roghanna leanaí**, trí rochtain ar fhóirdheontais a thabhairt do thuismitheoirí a úsáideann feighlithe leanaí faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.
- **Leanaí a chosaint** trí shíneadh a chur le rialáil (a bhféadfadh riachtanais le haghaidh ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, oiliúint ar chosaint leanaí, garchabhrach, agus cáilíochtaí/oiliúna) i dtaobh feighlithe leanaí a bheith i gceist leis.
- **Meas a léiriú ar an méid atá éagsúil faoi fheighlíocht leanaí** trí rialacháin nua agus samhail nua chigireachta a fhorbairt atá comhréireach agus cuí do shuíomh an bhaile ina n-oibríonn feighlithe leanaí, agus trína chinntiú go ndeartar oiliúint agus tacaíochtaí eile do riachtanais agus uaireanta oibre feighlithe leanaí.

**<u>Tograí ar leith</u>**
Beartaítear ceithre limistéar gníomhaíochta sa Dréachtphlean Gníomhaíochta:

- ***Athrú rialála***
    - Rialacháin agus samhail chigireachta nua a thabhairt isteach a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí agus atá comhréireach agus cuí do shuíomh an bhaile.
    - Iarraidh ar gach feighlí leanaí íoctha neamhghaolta a oibríonn ina dtithe féin chun clárú le Tusla. (Beidh díolúintí i gceist go fóill maidir le gaolta.)

- ***Cáilíochtaí agus oiliúint***

    - Oiliúint tosaigh a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí sa ghearrthéarma, oiliúint gharchabhrach, oiliúint ar chosaint leanaí, agus oiliúint ar fheighlíocht leanaí ardchaighdeáin ina measc.
    - Riachtanais cháilíochta a bhaineann go sonrach le feighlí leanaí a thabhairt isteach i rith idirthréimhse a mhaireann roinnt blianta.

- ***Tacaíochtaí ardchaighdeáin***
    - Seirbhísí tacaíochta ardchaighdeáin a oscailt d'fheighlithe leanaí, réimse fairsing de chláir mheantóireachta agus forbartha gairmiúla leanúnaí ina measc.
    - Triail phíolótach a bhaint as Líonraí Áitiúla Feighlíochta Leanaí agus iad a thabhairt isteach chun ceannaireacht agus tacaíocht a thabhairt d'fheighlithe leanaí, ina n-oibríonn pearsanra atá cáilithe agus taithíoch.

- ***Cistiú agus tacaíochtaí airgeadais***
    - A luaithe a bhíonn Rialacháin a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí i bhfeidhm, an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a oscailt do gach feighlí leanaí a shásaíonn riachtanais idirthréimhseacha.
    - Tacaíochtaí airgeadais eile d'fheighlithe leanaí a athbhreithniú agus a fheabhsú, an Ciste Feighlithe Leanaí Foghlaimeora agus an Deontas Forbartha Feighlíochta Leanaí ina measc.

**<u>Cur Chuige Céimnithe</u>**
Beartaítear cur chuige céimnithe sa Dréachtphlean Gníomhaíochta, a lorgaíonn an cuspóir chun an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a dhéanamh inrochtana d'fheighlithe leanaí ag an deis is luaithe a chothromú leis an ngá atá le tacaíochtaí cáilíochta cuí a fhorbairt, a mbeidh tréimhse sách fada i gceist sula dtabharfar isteach ceanglais dhlíthiúla.

> **Céim ullmhúcháin a bheidh i gceist le *Céim 1 (na 2-3 bliana tosaigh)*** ina ndéanfar an reachtaíocht a leasú, ina bhforbrófar rialacháin a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí, ina bhforbrófar cláir oiliúna, agus na ndéanfar taighde agus pleanáil bhreise.
>
> **Céim aistrithe a bheidh i gceist le *Céim 2 (na 3-5 bliana i ndiaidh Chéim 1)***. Ag **tosach** na céime seo, tiocfaidh rialacháin nua i bhfeidhm, cuirfear deireadh le díolúintí dlíthiúla ó rialáil, agus beidh ar chumas níos mó feighlithe leanaí (a) clárú le Tusla a fhad agus a shásaigh siad riachtanais oiliúna tosaigh, agus (b) a fhad agus a ghlacann siad páirt sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.
>
> Déanfar an Plean a chur i bhfeidhm go hiomlán i ***gCéim 3***. Faoi **thosach** na céime seo, beidh ar fheighlithe leanaí reatha an riachtanas cáilíochta iomláine feighlíochta leanaí a bhaint amach (atá le deimhniú faoi dheireadh 2019, i ndiaidh comhairliúchán poiblí).

***(Braithfidh fad na gcéimeanna seo ar luas an dul chun cinn, an cistiú atá ar fáil tríd an bpróiseas Meastachán bliantúil agus tosca eile.)***

**Céimeanna sa Phlean Gníomhaíochta**

**1. Ullmhúchán (fad 2-3 bl.)**

- Rialacháin reatha a athbhreithniú
- Oiliúint agus tacaíochtaí sancheaptha a fhorbairt
- Costálacha mionsonraithe
- Comhairliúchán

**2. Aistriú (fad 3-5 bl.)**

- Rialacháin nua i bhfeidhm
- Riachtanais cháilíochta idirthréimhsí
- Teacht ar an Scéim Cúram Leanaí Náiisúnta
- Tacaíochtaí a fharisingiú d'fheighlithe leanaí

**3. Cur i bhFeidhm Iomlán**

- Deireadh le riachtanais idirthréimhseacha
- Rialáiltear feighlithe leanaí agus tá teacht acu ar thacaíochtaí iolracha
- D'fhéadfadh go mbeadh feighlithe leanaí nua in ann teacht ar riachtanais chéimhnithe iontrála

## Cás-staidéir

*Nóta: Cásanna féideartha iad na cás-staidéir seo ar chuspóirí léiritheacha amháin, agus tá siad ar aon dul leis na tograí sa Dréachtphlean Gníomhaíochta. Deimhneofar go leor sonraí – e.g. ceanglais dhlíthiúla, oiliúint shonrach agus an t-amfhráma chun aistriú chuig Céimeanna 2 agus 3 – i rith Céim 1. Dá bharr, níor cheart na cás-staidéir seo a úsáid ach mar áis chun cabhrú le tuiscint a fháil ar impleachtaí féideartha an Dréachtphlean Gníomhaíochta.*

**Máire**

Tá Máire ina feighlí leanaí le 10 mbliana anuas, ó d'imigh a leanaí féin ar scoil. Tugann sí aire do 4 leanbh faoi láthair: naíonán agus leanbh 3 bliana d'aois i gcaitheamh an lae iomláin; agus beirt leanaí ar aois scoile i ndiaidh na scoile agus i rith saoirí. Rinneadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána uirthi agus tá árachas aici, ach níl aon cháilíocht ábhartha aici. Níl cead aici clárú le Tusla faoi láthair agus ní féidir léi páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

*I rith Céim 1* den Phlean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí, cuirtear oiliúint fhóirdheonaithe ar tairiscint do Mháire – oiliúint ar gharchabhair, ar chosaint leanaí, agus cáilíocht tosaigh i bhfeighlíocht leanaí ardchaighdeáin ina measc – atá ar fáil um thráthnóna agus i rith deirí seachtaine. Éiríonn léi iarratas a dhéanamh ar dheontas a sholáthraíonn a mhéid le €1,000 di chun bréagáin agus trealamh nua a cheannach. Freastalaíonn sí ar sheisiún tacaíochta a chuireann a Coiste Cúram Leanaí Contae áitiúil ar siúl le tacaíocht ó Oifigeach Forbartha Feighlíochta Leanaí, agus cuirtear comhairle uirthi ag an seisiún seo faoi bheartais is gá di a bheith i bhfeidhm (e.g. ar iompar leanaí a bhainistiú, agus ar bhia sláintiúil) agus treoir ar chlárú le Tusla.

*I ndiaidh go dtosaíonn Céim 2* (i gceann thart ar dhá bhliain), mar gheall gur críochnaigh sí na riachtanais tosaigh oiliúna, is féidir le Máire clárú le Tusla, a thabharfaidh cuairt ar a baile lena sheiceáil go bhfuil sé sábháilte agus gur shásaigh sí na ceanglais dhlíthiúla go léir. A luaithe a chláraigh sí le Tusla, agus go ngeallann sí le leanúint lena hoiliúint, is féidir léi iarratas a dhéanamh ar pháirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, agus bainfidh tuismitheoirí na leanaí a dtugann sí aire dóibh tairbhe ansin ó fhóirdheontais.

*I rith Céim 2* (i gcaitheamh na chéad cheithre bliana eile amach romhainn nó mar sin), críochnaíonn Máire oiliúint bhreise atá deartha d'fheighlithe leanaí. Faoin tráth a chríochnaíonn Céim 2, tá an leibhéal cáilíochta bainte amach aici a theastaíonn chun leanúint de bheith ina feighlí leanaí cláraithe.

*I gCéim 3,* glacann Máire le ballraíocht de Líonra Feighlíochta Áitiúil a bunaíodh le déanaí. Casann sí le feighlithe leanaí eile sa cheantar gach mí chun piarthacaíocht, comhairle, agus deiseanna oiliúna leanúnacha a fháil.

**Bríd**
Tá 20 bliain caite ag Bríd ina feighlí leanaí. Tugann sí aire faoi láthair do 5 leanbh: ar leanaí ar aois réamhscoile iad ceathrar díobh agus ar leanbh iarscoile duine amháin díobh. Rinneadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána uirthi agus chríochnaigh sí roinnt modúl de cháilíocht Leibhéal 5 i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige. Tá uirthi clárú le Tusla ach ní dhearna sí amhlaidh mar gheall go bhfuil imní uirthi go ndéanfar cigireacht uirthi, níor chríochnaigh sí cáilíocht Leibhéal 5, agus braitheann sí nach aon tairbhe é clárú.

*I rith Chéim 1* den Phlean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí, déanann a Coiste Cúram Leanaí Contae áitiúil teagmháil léi faoin gCiste Feighlithe Leanaí Foghlaimeora agus an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. I gcaitheamh na chéad bhliana eile, críochnaíonn sí a cáilíocht Leibhéal 5, agus í eolach go bhfaighidh sí sparánacht €750 ag an deireadh, agus cláraíonn sí ina dhiaidh sin le Tusla, agus cuireann seo ar a cumas páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Déanann Tusla cigireacht uirthi, agus cuireann seo dearbhú ar fáil do thuismitheoirí na leanaí. Cé go bhfuil an chigireacht bunaithe ar rialacháin reatha, is eol di go gcuirfear rialacháin nua i bhfeidhm go gairid.

Sna chéad chúig bliana eile ina dhiaidh sin (*i rith Chéimeanna 1 agus 2*), agus an rath a bhí uirthi ar Leibhéal 5 á spreagadh, déanann Bríd staidéar go páirtaimseartha ar chéim Leibhéal 7, fad a leanann sí ag oibriú mar fheighlí leanaí cláraithe, agus oibriú tugtar tacaíocht airgeadais di chun a staidéar a dhéanamh ó sparánacht Chiste Foghlaimeora.

*I gCéim 3*, i ndiaidh di a céim a thabhairt chun críche, glacann Bríd páirt i gclár oiliúna nua atá go hiomlán cistithe chun cáiliú mar Cheannaire Líonra Feighlíochta Leanaí, agus éiríonn léi cur isteach ar ról íoctha mar cheannaire ar Líonra Feighlíochta Leanaí Áitiúil.

**Ceisteanna comhairliúcháin**

Tugann an Roinn of Leanaí agus Óige Gnóthaí (an RLGÓ) cuireadh d’aighneachtaí ó dhaoine aonair nó eagraíochtaí maidir leis an Dréachtplean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí (atá ar fáil ar láithreán gréasáin an RLGÓ). Tá spéis mhór ag an RLGÓ do chuid dearcthaí a chloisteáil ar na ceisteanna seo a leanas. Níl ort na ceisteanna go léir a fhreagairt. Is fútsa atá sé a mhéid nó a laghad ceisteanna a fhreagairt agus is mian leat. Fáiltíonn an RLGÓ, chomh maith, roimh do dhearcthaí ar aon ghné eile den Dréachtphlean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí.

Is féidir leat an suirbhé ar líne a chomhlánú, chomh maith, atá ar fáil ar láithreán gréasáin an RLGÓ. Tá an suirbhé seo bunaithe ar na ceisteanna céanna.

<u>Ginearálta</u>

- An gcomhaontaíonn tú leis an gcur chuige, ar an iomlán, a leagtar amach sa Dréachtphlean Gníomhaíochta Feighlíochta Leanaí?
- An gcomhaontaíonn tú leis an gcur chuige céimnithe, le céim ullmhúcháin agus céim shínte aistrithe ina dhiaidh sin, le tréimhse ama a thabhairt d’fheighlithe leanaí chun aon riachtanais a shásamh?

<u>Athrú rialála</u>

- An gcomhaontaíonn tú leis an togra chun Rialacháin nua agus samhail chigireachta nua a thabhairt isteach a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí agus atá comhréireach agus cuí do shuíomh an bhaile? An bhfuil aon mholtaí ar leith agat maidir leis an méid ba cheart a bheith i gceist leo seo?

- An gcomhaontaíonn tú leis an togra ina n-iarrtar ar gach feighlí leanaí íoctha neamhghaolta a oibríonn ina dtithe féin chun clárú le Tusla agus a bheith faoi réir rialála agus cigireachta?

Cáilíochtaí agus oiliúint

- Cad a cheapann tú gur cheart a bheith i gceist leis na riachtanais **tosaigh** oiliúna / cáilíochta is gá d'fheighlithe leanaí a shásamh sula gcláraíonn siad le Tusla (a cheadaíonn dóibh páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí) **ag tús chéim an aistrithe**? [Bí chomh sonrach agus is féidir, le do thoil , e.g. trí thagairt a dhéanamh don Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (e.g. cé acu an Leibhéal 4, 5 nó 6 atá i gceist; cé acu an miondámhachtain nó mórdhámhachtain, etc. atá i gceist.)]
- Cad a cheapann tú gur cheart a bheith i gceist leis na riachtanais oiliúna / cháilíochta **iomláine** is gá d'fheighlithe leanaí a shásamh chun go leanann siad le bheith cláraithe le Tusla **ag deireadh chéim an aistrithe**? [Bí chomh sonrach agus is féidir, le do thoil , e.g. trí thagairt a dhéanamh don Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (e.g. cé acu an Leibhéal 4, 5 nó 6 atá i gceist; agus cé acu an miondámhachtain nó mórdhámhachtain, etc. atá i gceist.)]
- An gcomhaontaíonn tú leis an moladh gur cheart go mbeadh **riachtanas cáilíochta céimnithe** le sásamh ag feighlithe leanaí nua (agus teastaíonn oiliúint tosaigh sula gcláraítear le Tusla agus teastaíonn tréimhse ama ina dhiaidh chun an riachtanas cáilíochta iomláine a bhaint amach) fiú dá gcuirfí an moladh i bhfeidhm go hiomlán, le hiontrálaithe nua a éascú agus tacú le feighlithe leanaí an geilleagar neamhfhoirmiúil a fhágáil ar bhealach céimnitheach a fhad le forbairt ghairmiúil?
- Má chomhaontaíonn tú leis an moladh seo, **cé chomh fada** a cheapann tú ba cheart a thabhairt d'fheighlithe leanaí nua idir an tráth a chláraíonn siad le Tusla i dtosach agus an tráth a bhaineann an riachtanas cáilíochta iomláine leo (a luaithe a bhíonn céim um chur i bhfeidhm iomlán an Phlean bainte amach againn)?

Cistiú agus tacaíochtaí airgeadais

- An gcomhaontaíonn tú leis an togra chun an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a oscailt do gach feighlí leanaí a shásaíonn riachtanais idirthréimhseacha, a luaithe a bhíonn Rialacháin a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí i bhfeidhm?
- An gcomhaontaíonn tú leis an togra chun athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar thacaíochtaí airgeadais eile d'fheighlithe leanaí, an Ciste Feighlithe Leanaí Foghlaimeora agus an Deontas Forbartha Feighlíochta Leanaí ina measc. An molann tú aon athruithe ar leith ba mhaith leat go ndéanfaí ar aon cheann de na tacaíochtaí airgeadais atá ar fáil d'fheighlithe leanaí?

Tacaíochtaí ardchaighdeáin

- An gcomhaontaíonn tú leis an togra chun an réimse iomlán de thacaíochtaí ardchaighdeáin a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí atá ar fáil do luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile?
- An bhfuil tacaíochtaí ardchaighdeáin ar fáil d'fheighlíocht leanaí nach dtagraítear dóibh sa Dréachtphlean Gníomhaíochta a cheapann tú a bheadh luachmhar d'fheighlithe leanaí agus do leanaí?
- An gcomhaontaíonn tú leis an togra chun líonraí feighlíochta leanaí áitiúla a fhorbairt atá faoi stiúir ceannairí cáilithe líonra feighlíochta leanaí?
- Cén cáilíochtaí / taithí ba cheart a bheith ag teastáil ó cheannaire líonra feighlíochta leanaí?

- An gceapann tú gur cheart go mbeadh / go bhféadfadh ról ar bith ag seirbhísí atá bunaithe in ionad chun tacú le feighlithe leanaí nó líonraí feighlíochta leanaí áitiúla? Má cheapann, cén ról?
- An gcomhaontaíonn tú leis an togra chun réimse acmhainní a fhorbairt ar an úsáid a bhaintear as feighlithe leanaí (e.g. feighlithe leanaí a oibríonn i dteach an linbh) agus au pair, faisnéis ina measc do thuismitheoirí? Cén acmhainní a cheapann tú is mó a bheadh áisiúil?

**D'aighneacht a sheoladh ar ais**

Chun aighneacht a dhéanamh, comhlánaigh an fhoirm aighneachta agus cuir aon ábhair ábhartha faoi iamh, le do thoil, faoi Déardaoin, an 15 Samhain ag 17:00 agus seol ar ais í ar ríomhphost chuig ELCQuality@dcya.gov.ie nó i gcruachóip chuig:

An tAonad Cáilíocht Luathfhoghlama agus Cúraim
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Bloc 1 - Urlár 2
Plaza Miesach
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 XW14

Cuir d'ainm, ainm d'eagraíochta (más ann dó), do sheoladh, d'uimhir ghutháin agus do sheoladh ríomhphoist ar d'aighneacht, le do thoil.

Iarrtar ort gan breis agus 1,000 focal, ar a mhéid, a bheith d'aighneacht.

Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha.

Bíonn aighneachtaí faoi réir na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise, agus is féidir iad a scaoileadh mar fhreagairt d'iarrataí um Shaoráil Faisnéise.

Is féidir leis an RLGÓ a lorg chun idirchaidreamh a dhéanamh le daoine nó eagraíochtaí ar bhunús a n-aighneachta chun plé breise a dhéanamh air.

Trí aighneacht a dhéanamh, comhaontaíonn tú leis go bhfuil an ceart ar cosaint ag an RLGÓ chun d'aighneacht a fhoilsiú go páirteach nó go hiomlán.